M.23T

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

# TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH, IARNÓIN, 2.00 go dtí 5.20**

## TREORACHA DOS NA hIARRTHÓIRÍ

Baineann Ceist 1 leis an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus tá sí éigeantach.

Tá na ceisteanna eile ó 2 go 18 leagtha amach i **gCEITHRE** roinn mar atá Tíreolaíocht Fhisiceach, Tíreolaíocht Shóisialta, Tíreolaíocht Eacnamaíoch, Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda.

Ní mór **Cúig cheist** a fhreagairt **ach ní cheadaítear níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as aon roinn ar bith. Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

- Ceist 1;
- Ceist amháin as Thíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda [Ceisteanna 14 - 18];
- Trí cheist eile as ceisteanna 2 – 18;

Maidir leis an rogha de ceisteanna 2 - 18, ní miste an treoir thuas a chomhlíonadh agus **gan níos mó ná dhá cheist a fhreagairt as roinn ar bith**.

**DÉAN DEIMHIN DE LE DO THOIL, SULA dTOSÓIDH TÚ AN PÁIPÉAR SEO, GO BHFUIL LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF AGAT.**

**<u>IS GÁ</u> AN CHEIST SEO A FHREAGAIRT**

**<u>CEIST 1</u>. <u>SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS</u>**

**(i)** Déan sracléarscáil den cheantar léirithe sa Léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis, curtha ar fáil leis an scrúdpháipéar.

Cuir marc agus sainaithin:

- Líne an chósta
- Galfchúrsa
- Iarnród
- Iarsma ársa **ainmnithe**
- Ceantar fhoraois bhuaircíneach
- Abhainn **ainmnithe**

**(30 marc)**

[Nóta: <u>Ná bíodh</u> rianchóip den léarscáil mar sracléarscáil.]

**(ii)** Is áiteacha tarraingteacha dos na turasóirí iad Droim Chliabh agus An Ros.

Luaigh **DHÁ** mhír atá ina bhfianaise gur áiteacha tarraingteacha do thurasóirí na sráidbhailte úd. Is gá tagairtí don **dá** shráidbhaile a bheith agat i do fhreagra. **(30 marc)**

**(iii)** Le fianaise léarscáile amháin, tabhair cúntas ar shlí **AMHÁIN** ina léirítear duit go bhfuil sil-leagan chósta i gceist. **(20 marc)**

**TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH**

**Ceisteanna 2 - 5**

**<u>CEIST 2</u>. <u>AIBHNEACHA</u>**



Deilt, Lúb, Lúb-loch, Má tuile, V-Ghleann

**(i)** Tóg do rogha **<u>TRÍ</u>** Ghné Abhann agus le cabhair léaráide, mínigh conas mar a cruthaíodh gach ceann acu. **(60 marc)**

**(ii)** “ Bíonn idir buntáistí don duine agus míbhuntáistí ag aibhneacha.”

Mínigh buntáiste amháin **<u>AGUS</u>** míbhuntáiste amháin atá acu don duine. **(20 marc)**

**CEIST 3. AN FARRAIGE**

**(i)** Luaigh **TRÍ** thírghné cruthaithe de bharr chreimeadh an chósta **nó** de bharr shil-leagain.

Mínigh le cabhair léaráide, conas mar a cruthaíodh **an uile** gné acu. **(60 marc)**

**(ii)** Tóg do rogha tírghné **AMHÁIN** as cuid (i), agus léirigh caidé mar a bheadh sé ina bhuntáiste eacnamaíoch ag daoine. **(20 marc)**

**CEIST 4. TÍRDHREACH CAIRST**

Aolchuisní, Pábháil Aolchloiche, Poill slogaide, colúin.

**(i)** Abhair cé hiad na gnéithe ós-talaimh, agus cé hiad na gnéithe fo-thalaimh. **(20 marc)**

**(ii)** Tóg do rogha **TRÍ** ghné as cuid **(i)** agus **I NGACH CEANN** díobh:-

tabhair cur síos agus mínigh, le cabhair learáide, conas mar a cruthaíodh é. **(60 marc)**

**CEIST 5. AN DOMHAN FISICEACH**

Mínigh do rogha **DHÁ** ráiteas díobh seo, go mion:

**(i)** Tá tionchar ag go leor toscanna ar an aimsir in Éirinn. **(40 marc)**

**(ii)** Tá tír-dhreachanna suntasacha in Éirinn de bharr oibriú an oighir-ré. **(40 marc)**

**(iii)** Tá baint ag réigiúin áirithe ar domhan le mór-chritheanna talún. **(40 marc)**

**(iv)** Beidh tionchar mór ar an timpeallacht sa todhcaí ag an Iarmairt Cheaptha Teasa. **(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

**Ceisteanna 6 - 9**

**CEIST 6. AERFÓTAGRAF**

NÓTA: Is fiar-ghriangraf é seo, (tógadh é go huilleach)
Bíodh tagairtí agat do "réamhionad ar chlé", "cúlionad ar dheis", srl, agus airí á luadh agat.

**(i)** Déan sracléarscáil (nach rianchóip í) den cheantar atá á léiriú san aerfótagraf de Shligeach, curtha ar fáil leis an scrúdpháipéar.
Cuir marc orthu seo agus sainaithin iad:

- Dhá shráid cheangailteach
- Foirgneamh suntasach ón stair
- droichead
- Ceantar tithíochta
- Carr-chlós seach-shráide

**(30 marc)**

**(ii)** Is mac-léinn thíreolaíochta tusa; abair gur iarradh ort ionad feiliúnach a roghnú don Oifig Fháilte sa cheantar atá á léiriú sa ghriangraf.


Roghnaigh ionad dá short don Oifig Fháilte agus bíodh **TRÍ** chúis le do rogha. **(30 marc)**

**(iii)** Luaigh **DHÁ** láthair san Aerfótagraf a bhféadfadh fadhbanna tráchta a bheith iontu, dar leat, ag tréimhsí mhór-bhrú-thráchta.

Mínigh do rogha sa dá chás. **(20 marc)**

## CEIST 7. CÚNAMH FORBARTHA

**(i)** "Tá méadú le blianta beaga anuas ar chaitheachas Rialtas na hÉireann ar an Chúnamh."




Scrúdaigh sonraí na cairte lastuas, a léiríonn Caiteachas Chúnamh Forbartha na hÉireann, agus mínigh conas mar a d'fhás an Caiteachas Chúnaimh.

**(20 marc)**

**(ii)** Seo samplaí den tsort chúnaimh a tugadh don Domhan i mBéal Forbartha:

- Cúnamh Dépháirteach
- Cúnamh Iol-pháirteach
- Cúnamh Éigeandála
- Cúnamh Deonach.

Tabhair cuntas ar **DHÁ** cheann díóbh agus mínigh an dá chineál chúnaimh sin. **(60 marc)**

## CEIST 8. STAIDÉAR AR DHAONRA

**(i)** "Toscanna Bhrúite agus Tarraingthe atá ciontach as an mhór-chuid de dhaonra an domhain a bheith plódaithe isteach ins na mór-chathracha."

Mínigh céard is brí le Toscanna Bhrúite agus Tarraingthe. Luaigh samplaí ar a bhfuil staidéar déanta agat

**(60 marc)**

**(ii)** "Fadhb isea an Imirce Éigeantach san Eoraip le déanaí."

Mínigh **DHÁ** fhadhb atá ann de bharr imirce den chineál úd. **(20 marc)**

## CEIST 9. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

Mínigh **DHÁ** ráiteas díobh seo go mion:

**(i)** Tá tionchar de bharr Ráta Bhreithe agus de bharr Ráta Bháis ar athrú sa daonra. **(40 marc)**

**(ii)** Bíonn fadhbanna de bharr chailliúint dhaonra ag go leor áiteanna tuaithe in Éirinn. **(40 marc)**

**(iii)** Tá an trácht bhóthair ar na mór-fhadhbanna dá bhfuil ag Bailte agus Cathracha na hÉireann. **(40 marc)**

**(iv)** Tá ról na mban sa tsochaí ag athrú go tapaidh. **(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

**Ceisteanna 10 - 13**

**<u>CEIST 10</u>.** **<u>FORAOISEACHT</u>**

**(i)** "An Fhoraois Bháistí a chaomhnú-sin ceann de mhór-dhushláin na Mílaoise Nua."

Pléigh fáth **<u>AMHÁIN</u>** go bhfuil ídiú ar an Fhoraois Bháistí agus fáth **<u>AMHÁIN</u>** le Foraoiseacha Báistí a chaomhnú. **(40 marc)**

**(ii)** Mínigh **<u>DHÁ</u>** bhuntáiste ag an fhoraoiseacht don gheilleagar in Éirinn. **(40 marc)**

**<u>CEIST 11</u>.** **<u>FUINNEAMH</u>**

**(i)** Tabhair cuntas agus míniú ar **<u>DHÁ</u>** acmhainn in-athnuaite fuinnimh. **(40 marc)**

**(ii)** Mínigh buntáiste **<u>AMHÁIN</u>** agus míbhuntáiste **<u>AMHÁIN</u>** dá bhfuil ag an ghual mar acmhainn fhuinnimh. **(40 marc)**

**<u>CEIST 12</u>.** **<u>SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH</u>**

Mínigh **<u>DHÁ</u>** ráiteas anseo, go mion:

**(i)** Féadann idir dea-thionchar agus droch-thionchar a bheith ag an fheirmeoireacht ar an timpeallacht. **(40 marc)**

**(ii)** Tá tionchar mór ag na margaí ar cá háit a bheidh na tionscail dhéantúsaíochta lonnaithe. **(40 marc)**

**(iii)** Bíonn buntáistí agus míbhuntáistí dos na pobail chois fharraige ag ferimeoireacht éisc. **(40 marc)**

**(iv)** Is cúis mhór imní sa domhan anois an truailliú ar an timpeallacht. **(40 marc)**

**<u>CEIST 13</u>.** **<u>OBAIR ALLAMUIGH</u>**

Ag tagairt duit do thioscnamh **<u>AR BITH</u>** san obair allamuigh atá déanta agat sa Tíreolaíocht:

**(i)** Luaigh an **teideal** agus **na haidhmeanna** a bhí ag an tionscnamh. **( 8 marc)**

**(ii)** Tabhair cuntas ar **an réamh-ullmhúchán** don tionscnamh. **(16 mharc)**

**(iii)** Cuir síos ar na **modhanna chur chuige** a bhí agat d'fhonn eolas a bhailiú. **(24 mharc)**

**(iv)** Luaigh **na torthaí** ar an obair allamuigh úd. **(12 mharc)**

**(v)** Mínigh **na slite inar léirigh tú** na torthaí sin. **(12 mharc)**

**(vi)** Mínigh fadhb **<u>AMHÁIN</u>** a tháinig i do choinne nuair a bhí an obair allamuigh ar siúl. **( 8 marc)**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH AGUS DOMHANDA**

**Ceisteanna 14 - 18**

**CEIST 14. TURASÓIREACHT**




**(i)** Mínigh agus tabhair cuntas maidir le **DHÁ** chúis go bhfuil fás tapaidh tagtha ar an turasóireacht i bPoblact na hÉireann le blianta beaga anuas. **(40 marc)**

**(ii)** "Féadann líon mór turasóirí iliomad fadhbanna a bhreith leo go ceantracha turasóireachta."

Mínigh **DHÁ** fhadhb díobh. I do fhreagra bíodh tagairt do cheantar turasóireachta **AMHÁIN** san Eoraip go bhfuil staidéar agat air. **(40 marc)**

**CEIST 15. TÍORTHA AGUS RÉIGIÚIN**

An Spáinn, an Ghearmáin, an Eilvéis, an Iodáil, an Bheilg, an Danmharg

I gcás **AON CHEANN** des na tíortha úd go bhfuil staidéar agat uirthi:

**(i)** Breac síos sracléarscáil den tír agus mínigh conas a d'fhéadfaí an tír uilig a roinnt ina **DÁ RÉIGIÚN NÓ NÍOS MÓ NÁ SIN.** **(20 marc)**

**(ii)** Tóg do rogha **DHÁ** réigiún agus sa dá chás tabhair cuntas ar an fhorbairt sa réigiún, faoi na cinnteidil seo:

- Tíreolaíocht Fhisiceach
- Talmhaíocht
- Déantúsaíocht **nó** Seirbhísí. **(60 marc)**

**CEIST 16. RÉIGIÚIN SAN EORAIP**

Imchuach Pháras, Iarthar na hÉireann, Oir-dheisceart na Sasana, Má Thuaisceart na hIodáile, na Garbhchríocha in Albain.

Ón liosta úd tóg do rogha croí-réigiún **AMHÁIN** agus do rogha imeall-réigiún **AMHÁIN** agus tabhair cur síos orthu faoi na cinn-teidil seo:

***Tíreolaíocht Fhisiceach** *** Aeráid** ***Talmhaíocht** ***Tionscal Déantúsaíochta**
**(80 marc)**

**CEIST 17. RÁITIS MAIDIR LEIS AN EORAIP**

Tóg do rogha **DHÁ** ráiteas díobh seo agus déan iad a phlé go mion:

**(i)** Ba mhór iad na buntáistí a bhí ag an talmhaíocht in Éirinn an tír a dhul isteach san Aontas Eorpach. **(40 marc)**

**(ii)** Beidh idir buntáistí agus fadhbanna ag ball-stáit an Aontais Eorpaigh de bharr a mhéadaithe. **(40 marc)**

**(iii)** Tá ceantar na Réine-Ruhr ar phríomh-cheantracha tionsclaíocha na hEorpa. **(40 marc)**

**(iv)** Tá deacrachtaí oll-mhóra ag tionscal na hiascaireachta in Éirinn. **(40 marc)**

**(v)** Tá dlús daonra an-mhór san Ísiltír. **(40 marc)**

**CEIST 18. TÍREOLAÍOCHT DHOMHANDA**

Dearc ar léarscáil an domhain laistíos.

**(i)** **I do fhreagarleabhar** ainmnigh na nithe ar a bhfuil na huimhreacha 1 - 8**.**




Tíortha 1 agus 2; Cathracha 3 agus 4; Tír 5 agus Oileán 6; Sliabhraon 7; Cuan 8. **(16 mharc)**

***Nóta:** Is ar an scrúdpháipéar atá an léarscáil, seachas ar leathán scoite.

**(ii)** Bhí na ceantracha seo ins na cinnlínte nuachta le roinnt blianta anuas:

*Kosovo *Tíomór Thoir *Tuaisceart na hÉireann

Tóg do rogha ceann **AMHÁIN** agus tabhair cuntas ar na saincheisteanna a bhaineann leis. **(40 marc)**

**(iii)** "Fadhb isea an ciníochas in alán tíortha ar domhan."

Mínigh **DHÁ** chúis leis seo. **(24 mharc)**

NOTE: UNAUTHORISED REPRODUCTION INFRINGES STATE COPYRIGHT.
TAHAIR FAOI DEARA: IS SÁRÚ CHÓIPCHEART AN STÁIT MACASAMHLÚ GAN CHEAD.

Compiled, Printed & Produced by the Director at the Ordnance Survey Office, Phoenix Park, Dublin.
An Stiurthóir, Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, a thiomsaigh, a chlóigh agus a d'fhoilsigh.




©Government of Ireland / Rialtas na hÉireann 2000

Ordnance Survey Ireland
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

# DISCOVERY SERIES SRAITH EOLAIS

## Legend — Eochair

### Eolas Turasóireachta / Tourist Information

- Láithreán carbhán (idirthurais) / Caravan site (transit)
- Brú An Óige / Neamhspleách / Hostel An Óige / Independent
- Ionad pairceála / Parking
- Láithreán picnicí / Picnic site
- Teileafón Poiblí / Public Telephone
- Láithreán campála / Camping site
- Ionad eolais turasóireachta (ar oscailt ar feadh na bliana) / Tourist Information centre (regular opening)
- Ionad eolais turasóireachta (ar oscailt le linn an tséasúir) / Tourist Information centre (restricted opening)
- Ionad dearctha / Viewpoint
- An Taisce / National Trust
- Tearmann Dúlra / Nature Reserve
- Galfchúrsa, machaire gailf / Golf Course or Links

### Bóithre / Roads

- M 1 — Mótarbhealach / Motorway (Junction number)
- N 11 — Bóthar príomha náisiúnta / National Primary Road
- N 71 — Bóthar tánaisteach náisiúnta / National Secondary Road
- Carrbhealach dúbailte / Dual Carriageway
- Bóthar príomha /tánaisteach náisiúnta beartaithe / Proposed Nat. Primary / Secondary Road
- R 574 — Bóthar Réigiúnach / Regional Road
- Bóthar den tríú grád / Third Class Road
- Bóithre de chineál eile / Other Roads
- Bealach / Track

### Gnéithe ginearálta / General features

- Foirgnimh le hais a chéile / Built up Area
- Aerfort / Airport
- Aerpháirc / Airfield
- PO — Oifig phoist / Post office
- Garda Síochána / Police
- Stáisiún cumhachta (uisce) / Power Station (Hydro)
- Stáisiún cumhachta (breosla iontaiseach) / Power Station (Fossil)
- Líne tarchurtha leictreachais / Electricity Transmission Line
- Crann / Mast
- Eaglais nó séipéal / Church or Chapel
- Ardeaglais / Cathedral
- Cuaille triantánachta / Triangulation Pillar
- Trasnú cliathráin / Graticule Intersection
- Siúlbhealach le comharthaí; gan comharthaí / Waymarked Walks; Unmarked
- Ferry V — Bád fartha (feithiclí) / Ferry (Vehicle)
- Ferry P — Bád fartha (paisinéirí) / Ferry (Passenger)

### Teorainneacha / Boundaries

- Teorainn idirnáisiúnta / International Boundary
- Teorainn chontae / County Boundary
- Páirc Náisiúnta / National Park
- Páirc Foraoise / Forest Park
- Seilbh de chuid an Aire Chosanta / Dept. of Defence Property
- Foraois bhuaircíneach / Coniferous Plantation
- Coill nádúrtha / Natural Woodland
- Foraois mheasctha / Mixed Woodland

### Séadchomhartha / Antiquities

- Séadchomhartha Ainmnithe / Named Antiquities
- Clós, m.sh. Ráth nó Lios / Enclosure, e.g. Ringfort
- Láthair Chatha (le dáta) / Battlefield (with date)

### Relif / Relief

- Céim imlíne comhairde 10m / 10m Contour Interval
- Céim imlíne comhairde 50m / 50m Contour Interval
- 123 • Spota airde / Spot Height

### Gnéithe uiscí / Water features

- Loch / Lake
- Canáil, canáil (thirim) / Canal, Canal (dry)
- Abhainn nó sruthán / River or Stream
- Teach Solais in úsáid / as úsáid / Lighthouse in use / disuse
- Bádóireacht / Boating activities
- Líne bharr láin / High Water Mark
- Líne lag trá / Low Water Mark (shingle, mud, sand or loose rock)
- Trá / Beach

### Iarnróid / Railways

- Iarnróid / Railways
- Iarnród tionscalaíoch / Industrial Line
- Tollán / Tunnel
- LC — Crosaire comhréidh / Level Crossing
- Stáisiún traenach / Railway Station

### IRISH NATIONAL GRID




© GOVERNMENT OF IRELAND
RIALTAS na hÉIREANN 2000

### SAMPLE GRID REFERENCE ONLY

NOTE: THESE GRID REFERENCES ARE SAMPLE REFERENCES ONLY! AND THE PLACES NAMED ARE NOT FOUND ON THIS MAP EXTRACT.

FROM -

*DISCOVERY SERIES SHEET 2*

RATHMULLAN C 295 275

*DISCOVERY SERIES SHEET 2*

JACOBS BRIDGE C 347 323

### SCÁLA 1:50 000 SCALE 1:50 000

1 KILOMETRES 0 1 2 3 4 5 6 7 KILOMETRES 8

1 STATUTE MILES 0 1 2 3 4 STATUTE MILES 5

2 ceintiméadar sa chiliméadar (taobh chearnóg eangaí) 2 centimetres to 1 Kilometre (grid square side)

